2025/1715

1.8.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1715 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2025

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme thionscadal trasteorann Lyon-Torino ar Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 5111)

(Is iad na téacsanna Iodáilise agus Fraincise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 55(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar a cuireadh i dtábhacht sna Pleananna Oibre do Chonair na Meánmhara, tá ról ríthábhachtach ag an tionscadal trasteorann Lyon-Torino ('an tionscadal') maidir le feidhmiú na conaire a áirithiú le nasc idir-inoibritheach éifeachtúil trasna na nAlp, idir an Fhrainc agus an Iodáil, chun lastas agus paisinéirí a iompar d'iarnród.

(2) Is príomhchuspóir beartais de chuid an Aontais é an t-iompar a dhícharbónú trí na dálaí a chruthú le haghaidh aistriú módach uaillmhianach d'iompar fadraoin earraí agus paisinéirí chuig modhanna iompair atá tíosach ar fhuinneamh, agus tá sé i gcomhréir le cuspóirí an Aontais maidir leis an athrú aeráide a chomhrac.

(3) Sa chomhthéacs sin, is tosaíocht shoiléir de bheartas iompair an Aontais é iompar earraí agus paisinéirí d'iarnród a chothú, mar a leagtar amach sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ([2]) agus is tosaíocht sheanbhunaithe é i bhforbairt ghréasán TEN-T.

(4) Tríd an iarnród Lyon-Torino a chur i gcrích, beidh Conair Iompair Eorpach na Meánmhara agus a cuid trasteorann trasalpach feistithe le bonneagar iompair iarnróid atá nua-aimseartha, sábháilte agus tíosach ar fhuinneamh, rud a chuirfidh leis an aistriú módach.

(5) Liostaítear nasc trasteorann Lyon-Torino mar nasc trasteorann réamhshainithe ar Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara atá incháilithe do chistiú ón Aontas faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa i gCuid III den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(6) Déanann trí chonradh dhéthaobhacha agus prótacal breise amháin idir an Fhrainc agus an Iodáil ([4]) an tionscadal a rialáil agus a phleanáil laistigh den chreat polaitiúil, dlíthiúil agus airgeadais a comhaontaíodh. Síníodh comhaontú déthaobhach eile le haghaidh aistrithe trasteorann ábhair chun an tionscadal a thógáil an 4 Lúnasa 2023.

([1]) IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj.

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí] (COM(2020) 789 final).

([3]) Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/2024-07-18).

([4]) '*Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na hIodáile agus Rialtas Phoblacht na Fraince*' dar dáta an 30 Eanáir 2012, arna dhaingniú ag an bhFrainc le Dlí Uimh. 2013 - 1089 dar dáta 2/12/2013 agus ag an Iodáil le Dlí Uimh. 71/2014.
'*Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na hIodáile agus Rialtas Phoblacht na Fraince maidir le tús a chur le hoibreacha críochnaitheacha an stráice thrasteorann den líne iarnróid nua Torino — Lyon*' an 24/2/2015; '*Prótacal Breise, in éineacht le hIarscríbhinn*' an 8/3/2016; '*Rialacháin Chonarthaí*' an 7/6/2016, iad uile daingnithe ag an bhFrainc le Dlí 2017-116 an 1/2/2017 agus ag an Iodáil le Dlí 1/2017.

(7) Leagtar béim sa Phlean Oibre do Chonair na Meánmhara ar an ngá atá lena áirithiú go gcuirfear an tionscadal a chríochnú ina iomláine, lena n-áirítear an buntollán trasteorann chomh maith le línte rochtana idir nóid uirbeacha réamh-shainaitheanta Lyon agus Torino.

(8) Tá gach cuid den tionscadal fíor-riachtanach le haghaidh dea-fheidhmiú Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara. Déanfar iad a phleanáil i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach in Airteagail 16 agus 18 de Rialachán (AE) 2024/1679.

(9) Is infheistíocht chasta trasteorann fhadtéarmach é an tionscadal lena gcuimsítear an Fhrainc, an Iodáil agus a réigiúin chomharsanacha faoi seach, mar atá Auvergne Rhône Alpes agus Piedmont. Téann sé chun tairbhe do Bhallstáit eile freisin, a bhíonn ag brath ar nasc nua-aimseartha idir an Fhrainc agus an Iodáil trasna na nAlp.

(10) Tugann an tionscadal le tuiscint go gcruthófar bonneagar nua agus go bhfeabhsófar an bonneagar atá ann cheana. Chun tacú le cur chun feidhme comhordaithe tráthúil an tionscadail, is gá forálacha a ghlacadh lena leagtar síos tuairisc ar na gníomhaíochtaí agus tráthchlár dá gcur chun feidhme. Is tiomantas fadtéarmach é an tionscadal lena n-éilítear pleanáil infheistíochtaí thar roinnt timthriallta buiséadacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Cuideoidh sé le cuspóirí trasteorann an Phlean Oibre do Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara a bhaint amach, lena n-áirítear línte rochtana a thógáil lena n-áiritheofar idirthuras 24 mhilliún tona earraí in aghaidh na bliana agus 1,5 milliún paisinéir in aghaidh na bliana.

(11) Tá gníomhaíochtaí móra déanta cheana féin ag an bhFrainc agus ag an Iodáil, amhail staidéir agus oibreacha bonneagair. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin tógáil leanúnach an bhuntolláin sa dá thír (ón 31 Deireadh Fómhair 2024 ar aghaidh), áit a bhfuil 38,6 km d'áiléir tochailte, as a mbaineann 14,7 km leis an mbuntollán), línte rochtana a phleanáil ar chríoch na hIodáile, nuachóiriú ar ghnáthlíne iarnróid Ambérieu — Saint-Jean-de-Maurienne ó 2027 ar aghaidh a phleanáil le buiséad tiomnaithe EUR 700 milliún, agus nuachóiriú leanúnach ar an ngnáthlíne iarnróid idir Bussoleno-Avigliana. Maidir le línte iarnróid nua na Fraince, dearbhaíodh i bhforaithne an 13 Lúnasa 2013 ([5]) go raibh na hoibreacha ar mhaithe le leas an phobail, formheasadh an chonair mionsonraithe iarnróid. Seolfar na staidéir mionsonraithe réamhthionscadail (*avant-projet détaillé*) (APD), arna gcómhaoiniú ag an gCoimisiún, ag an bhFrainc agus ag údaráis réigiúnacha na Fraince, in 2025.

(12) Tá sé tábhachtach freisin go sainaithneofar go soiléir na gníomhaíochtaí is gá chun an tionscadal a chríochnú agus go sainaithneofar go soiléir an tráthchlár lena gcur chun feidhme chun infhaighteacht cistiúcháin ón Aontas, cistiúcháin náisiúnta agus cistiúcháin réigiúnach a phleanáil agus a bharrfheabhsú go hiomlán. Tá éifeacht ghiarála ríthábhachtach ag cómhaoiniú ón Aontas ar an gcinnteoireacht náisiúnta agus réigiúnach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, na gníomhaíochtaí eile is gá chun an tionscadal a chríochnú go hiomlán a shainaithint, ionas gur féidir an leas is mó is féidir a bhaint as acmhainní an Aontais agus as acmhainní náisiúnta, i gcomhréir leis na rátaí pleanála agus cómhaoinithe is infheidhme faoi seach, mar aon leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. De bhun Rialachán (AE) 2021/1153, tá codanna uile an tionscadail incháilithe do chistiú ón Aontas (suas le huasmhéid 55 % le haghaidh an bhuntolláin agus 50 % le haghaidh línte rochtana). Leis na gníomhaíochtaí eile, ní mór ardleibhéal comhtháthaithe a léiriú i bpleanáil agus i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus ní mór iad a bheith i gcomhréir leis na critéir dhámhachtana a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/1153. Dá bhrí sin, ba cheart acmhainní airgeadais a bharrfheabhsú go hiomlán leis na hiarrachtaí is mo is féidir a dhéanamh ó na páirtithe uile lena mbaineann.

(13) Leis an gComhaontú idir Rialtas Phoblacht na Fraince agus Rialtas Phoblacht na hIodáile maidir le tógáil agus oibriú líne iarnróid nua Lyon-Torino ([6]) agus leis an bprótacal breise, sonraítear costas deimhnithe an bhuntolláin trasteorann agus, tar éis ranníocaíocht an Aontais agus an chuid a mhaoinítear le dolaí a dhealú, an eochair leithdháilte costas de 57,9 % le haghaidh na hIodáile agus 42,1 % le haghaidh na Fraince. Déanfar aon chostas breise a leithdháileadh go cothrom idir an Iodáil agus an Fhrainc. Foráiltear leis an bprótacal breise freisin go bhféadfaí athluacháil airgeadaíochta a dhéanamh ar thosca táirgeachta na n-oibreacha agus go bhféadfadh forbairt a theacht ar na costais sin.

([5]) *Journal Officiel de la République Française* Uimh. 197 an 25 Lúnasa 2013.
([6]) *Journal Officiel de la République Française* Uimh. 206 an 16 Meán Fómhair 2014.

(14) Tá an chuideachta Fhranc-Iodálach Tunnel Euralpin Lyon Turin, mar eintiteas dénáisiúnta, freagrach as cuid trasteorann an tionscadail a bhainistiú agus a thógáil. Is iad bainisteoirí bonneagair náisiúnta na Fraince agus na hIodáile faoi seach atá freagrach as na bealaí rochtana a thógáil.

(15) Chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn chur chun feidhme an tionscadail, ba cheart don Fhrainc agus don Iodáil tuarascálacha rialta a chur ar fáil don Choimisiún maidir leis an ábhar, maidir leis na codanna atá suite ina gcríocha féin, agus fógra a thabhairt faoi aon mhoill a tháinig chun cinn.

(16) De bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1679, tá na Ballstáit le bearta iomchuí a dhéanamh chun an croíghréasán a fhorbairt faoin 31 Nollaig 2030. Tá an oibleagáid sin, áfach, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 8(5) den Rialachán sin, á chur i dtábhacht go bhfuil cur i gcrích tionscadal leasa choitinn ag brath ar thosca amhail méid a n-aibíochta, nósanna imeachta dlíthiúla an Aontais agus na nósanna imeachta dlíthiúla náisiúnta a bheith á gcomhlíonadh agus infhaighteacht acmhainní airgeadais, gan dochar do ghealltanas airgeadais ó Bhallstát nó ón Aontas.

(17) Ba cheart an tráthchlár cur chun feidhme a bheith gan dochar do chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa dlí idirnáisiúnta agus i ndlí an Aontais, lena n-áirítear forálacha chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint. Leis an tráthchlár, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann infhaighteacht an chistithe a phleanáil agus a bharrfheabhsú go hiomlán, gan dochar do ghealltanas airgeadais Ballstáit nó an Aontais. Níor cheart, in imthosca ar bith, go gcuirfeadh sé isteach ar chaighdeáin an Aontais agus na mBallstát maidir le cosaint an chomhshaoil agus rannpháirtíocht phoiblí.

(18) Gan dochar d'Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) 2024/1679, is iomchuí tús a chur leis an athbhreithniú ar an gcinneadh seo faoi dheireadh 2026, chun léiriú cruinn a thabhairt ar staid phleanáil agus thógáil na ngníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 2.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo formheasta ag an bhFrainc agus ag an Iodáil.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 61(1) de Rialachán (AE) 2024/1679,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an gCinneadh seo na gníomhaíochtaí agus an tráthchlár le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail iarnróid trasteorann agus a línte rochtana gaolmhara lena nasctar nóid uirbeacha Lyon agus Torino ('an tionscadal'), chomh maith le forálacha rialachais gaolmhara.

Airteagal 2

Gníomhaíochtaí

Áiritheoidh an Fhrainc agus an Iodáil go gcuirfear na gníomhaíochtaí seo a leanas chun feidhme i gcomhréir leis an tráthchlár a leagtar amach in Airteagal 3:

(a) an chuid trasteorann den tollán mar aon le stáisiúin nasctha Saint Jean de Maurienne agus Susa.

(b) línte rochtana ar chríoch na hIodáile, a bhfuil an méid seo a leanas i gceist leo:

(i) an ghnáthlíne atá ann cheana (stráice Bussoleno-Avigliana) a uasghrádú:

— Beart 1: Suiteálacha teicneolaíochta nua a chur i gcrích chun an trácht ar stráice Bussoleno - Avigliana a bhainistiú;

— Beart 2: Deireadh a chur le dhá chrosaire chomhréidhe ag Borgone Susa;

— Beart 3: Na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht do Dhaoine a bhfuil Soghluaisteacht Laghdaithe acu i stáisiúin Sant'Ambrogio, Borgone agus Bruzolo a chur chun feidhme;

— Beart 4: Dhá rian tosaíochta a thógáil a bhfuil modúil 750 m ar fad acu, ceann amháin in Condove agus ceann eile in Bruzolo;

— Beart 5: An córas soláthair cumhachta líne a oiriúnú trí dhá fhostáisiún leictreacha nua a thógáil, ceann amháin in Avigliana agus ceann eile in Borgone;

— Beart 6: 281 phíle den phríomhlíne leictreach 66 kV a scartáil;

— Beart 7: Maolú fuaimiúil;

— Beart 8: baineann sé le stráice 540 mmc a chur isteach in ionad na líne tarraingthe leictrí reatha go léir (líne chaighdeánach Rete Ferroviaria Italiana) idir stáisiúin Bussoleno agus Avigliana agus fothaire treisithe 230 mmc a chur léi, rud atá riachtanach d'oibriú ceart na líne de réir an tráchta traenach atá beartaithe amach anseo;

(ii) stráice líne nua Avigliana-Orbassano a thógáil;

(iii) clós eagraithe Orbassano a athchóiriú, lena n-áirítear acomhal ó dheas;

(iv) nascacht laistigh de nód uirbeach iarnród Torino:

— seachbhóthar iarnróid Torino, stráice Porta Susa - Stura, a chríochnú;

— an líne ardluais idir Porta Susa agus Porta Nuova a uasghrádú, líne dhá rian neamhspleách nua 4,5 km ar fad, agus roinnt stadanna nua a thógáil i gcóras iarnróid Torino;

— dlús a chur leis an líne Torino-Genoa;

— uasghrádú bonneagair agus teicneolaíoch a dhéanamh ar nód uirbeach iarnróid Torino agus línte gaolmhara, agus athnuachan a dhéanamh ar na córais láraithe bainistithe cúrsaíochta nó córais bainistithe cúrsaíochta láraithe nua a chur isteach;

— seachbhóthar iarnróid nua ó Orbassano go Settimo Torinese - céim 1b 'Gronda Merci'.

(c) línte rochtana ar chríoch na Fraince, a bhfuil an méid seo a leanas i gceist leo:

(i) an ghnáthlíne atá ann cheana (Ambérieu – Saint-Jean-de-Maurienne) a uasghrádú;

(ii) nascacht laistigh de cheirtleán Lyon – seachbhóthar iarnróid Lyon idir Saint-Pierre-de-Chandieu agus Dagneux;

(iii) líne nua idir Lyon agus Saint-Jean-de-Maurienne a thógáil:

— líne mheasctha iarnróid paisinéirí agus lasta idir Grenay agus Avressieux;

— líne iarnróid lasta nua idir Avressieux agus Montmélian;

— líne iarnróid lasta nua idir Montmélian agus Saint-Jean-de-Maurienne.

Airteagal 3

Tráthchlár

1. Is é seo a leanas an tráthchlár le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (a):

(a) in 2025: tús a chur le tochailt mheicnithe an chéad bhirt Fhrancach den bhuntollán (láithreán tógála oibríochtúil 7) – an Fhrainc.

(b) faoi dheireadh 2026/luath 2027: tús a chur le tochailt mheicnithe na mbeart eile den bhonn-thollán (láithreáin tógála oibríochtúla 3-4-5-6) – an Fhrainc agus an Iodáil.

(c) faoi 2028: deireadh a chur le hoibreacha sibhialta ag an stráice iontrála - Saint Martin La Porte (láithreán tógála oibríochtúil 8) - an Fhrainc.

(d) faoi 2027: togra maidir le conradh a dhámhachtain le haghaidh suiteálacha iarnróid agus neamhiarnróid (láithreán tógála oibríochtúil 12) – an Fhrainc agus an Iodáil.

(e) faoi 2028: tús chur le tochailt tolláin idirnaisc le modh traidisiúnta in Bussoleno (láithreán tógála oibríochtúil 1) – an Iodáil.

(f) faoi 2029: tús chur le hoibreacha sibhialta ag stáisiún idirnáisiúnta Susa (láithreán tógála oibríochtúil 2) – an Iodáil.

(g) faoi 2030: deireadh a chur le hoibreacha sibhialta an mhoil malartaithe ilmhódaigh ag stáisiún idirnáisiúnta Saint-Jean-de-Maurienne (láithreán tógála oibríochtúil 9) – an Fhrainc.

(h) faoi 2031: tochailt an bhuntolláin a chríochnú ar thaobh na Fraince agus ar thaobh na hIodáile (láithreáin tógála oibríochtúla 3-4-5-6-7-8) – an Fhrainc agus an Iodáil.

(i) faoi 2031: stáisiún idirnáisiúnta Saint-Jean-de Maurienne a chríochnú le bonneagar coimhdeach gaolmhar; tús chur le tógáil threalamh stáisiúin idirnáisiúnta Susa (láithreáin tógála oibríochtúla 9 agus 2) – an Fhrainc agus an Iodáil.

(j) faoin 31 Nollaig 2032: an bonneagar iarnróid le haghaidh trácht measctha a chríochnú, i gcomhréir le paraiméadair TEN-T a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1679 – an Fhrainc agus an Iodáil.

(k) faoi 2033: suiteáil oibríochtúil ERTMS Leibhéal 2 – an Fhrainc agus an Iodáil.

2. Is é seo a leanas an tráthchlár le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (b):

(a) an ghnáthlíne atá ann cheana (stráice Bussoleno-Avigliana) a uasghrádú: deireadh a chur le hoibreacha idir 2026-2032.

(b) an líne nua Avigliana-Orbassano a thógáil:

(i) measúnú comhshaoil agus ceadanna a fuarthas idir 2024-2025;

(ii) tús a chur le hoibreacha faoi 2026;

(iii) deireadh a chur le hoibreacha faoi 2033.

(c) clós eagraithe Orbassano a athchóiriú, lena n-áirítear an Acomhal Theas, an chéad chéim, taobh Torino, faoi 2026.

(d) nascacht laistigh de nód uirbeach iarnróid Torino:

(i) stráice Porta Susa - Stura: tugtha i gcrích ag 98 % (meastar go gcríochnófar é faoi 2025)

(ii) stráice Porta Susa- Porta Nuova: le críochnú faoi 2028;

(iii) líne Torino-Genoa: faoi 2027 (an chéad chéim):

— oiriúnú teicneolaíoch chórais fhochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an stráice Trofarello-Alessandria a chríochnú le tógáil ACCM-SCCM i bhfochéimeanna;

— ACC stáisiún Villafranca a chríochnú;

— ACC nua Asti a chríochnú.

3. Is é seo a leanas an tráthchlár le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (c):

(a) an ghnáthlíne atá ann cheana (Ambérieu – Saint-Jean-de-Maurienne) a uasghrádú:

(i) réamhstaidéir, lena n-áirítear anailís shocheacnamaíoch faoi lár 2025;

(ii) tús a chur le hoibreacha ar na chéad oibríochtaí faoi 2027;

(iii) staidéir ar dhearadh faoi dheireadh 2028;

(iv) nósanna imeachta riaracháin maidir le talamh a fháil faoi dheireadh 2028;

(v) measúnú comhshaoil faoi dheireadh 2028;

(vi) staidéir chríochnaitheacha faoi dheireadh 2029;

(vii) deireadh a chur le hoibreacha faoi 2033:

— rochtain ar ardán Aiton a mhodhnú

— feabhsuithe acmhainneachta ag Aix-les-Bains

— feabhsuithe acmhainneachta ag Chambéry

— deighilt leibhéal in Montmélian

— an Lac du Bourget a dhaingniú

— crosairí comhréidhe a dhaingniú

— Suiteálacha Seasta le haghaidh Tarraingt Leictreach a atreisiú.

(b) nascacht laistigh de cheirtleán Lyon – seachbhóthar iarnróid Lyon idir Saint-Pierre-de-Chandieu agus Dagneux:

(i) staidéir mhionsonraithe ar dhearadh faoi dheireadh 2027

(ii) measúnú comhshaoil

(iii) staidéir chríochnaitheacha

(iv) talamh a fháil i gcomhréir leis an sceideal staidéir agus tógála

(v) oibreacha

(c) na línte nua a thógáil idir Lyon agus Saint-Jean-de-Maurienne i gcomhréir le paraiméadair an 'grand gabarit' mar an príomhchás a scrúdaíodh ag an gcéim seo:

(i) staidéir mhionsonraithe ar dhearadh na n-oibríochtaí seo a leanas, lena n-áirítear anailís shocheacnamaíoch agus staidéir a bhaineann le hoibreacha taiscéalaíochta faoi lár 2028 (rochtain na Fraince ar thollán iarnróid Lyon-Torino – staidéir mhionsonraithe – APD):

— líne mheasctha idir Grenay agus Avressieux;

— feabhsuithe ag stáisiún Ambérieu;

— líne iarnróid lasta nua idir Avressieux agus Montmélian lena n-áirítear tollán lasta aonriain faoi mhasaíf Chartreuse, a ndéanfar staidéir mhionsonraithe dearaidh ina leith i gcomhthráth le tógáil na struchtúr taiscéalaíochta;

— an nasc ag stáisiún Montmélian a dhúbailt;

— líne iarnróid lasta nua idir Montmélian agus Saint-Jean-de-Maurienne, lena n-áirítear tolláin lasta aonriain faoi mhasaíf Belledonne agus masaíf Glandon, a ndéanfar staidéir mhionsonraithe deartha ina leith i gcomhthráth le tógáil na struchtúr taiscéalaíochta;

(ii) Measúnú comhshaoil

(iii) Struchtúir taiscéalaíochta a thógáil

(iv) Staidéir chríochnaitheacha

(v) Talamh a fháil i gcomhréir leis an sceideal staidéir agus tógála

(vi) Oibreacha

Airteagal 4

Rialachas

Tabharfar cuireadh don Chomhordaitheoir Eorpach do Chonair Iompair Eorpach na Meánmhara agus d'ionadaí ón gCoimisiún páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí i gcruinnithe Bhord Stiúrthóirí Tunnel Euralpin Lyon Turin chomh maith le cruinnithe Choimisiún Idir-Rialtasach Lyon-Torino (CIG).

Airteagal 5

Tuairisciú

Tuairisceoidh an Fhrainc agus an Iodáil uair sa bhliain ar a laghad don Choimisiún agus do Chomhordaitheoir Eorpach Chonair Iompair Eorpach na Meánmharamaidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 agus tabharfaidh siad fógra faoi aon mhoill a thiocfaidh chun cinn, sonróidh siad na cúiseanna leis an moill, agus léireoidh siad na bearta ceartaitheacha a rinneadh. Chun na críche sin, féadfaidh an Fhrainc agus an Iodáil úsáid a bhaint, nuair is iomchuí, as inneachar na dTuarascálacha Bliantúla Stádais atá le cur isteach faoi Chomhaontuithe Deontais na Saoráide um Chónascadh na hEorpa.

Airteagal 6

Athbhreithniú

Cuirfidh an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar na gníomhaíochtaí agus ar an tráthchlár dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 faoi dheireadh 2026.

Airteagal 7

Seolaithe

Is chuig Poblacht na Fraince agus Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún